Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Márta 2018
(OR. en)

7203/18
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0064 (COD)**

SOC 145
EMPL 108
MI 180
CODEC 392
IA 68

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Márta 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 69 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 69 final ón gCoimisiún.

Faoi iamh: SWD(2018) 69 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 13.3.2018
SWD(2018) 69 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair**

{COM(2018) 131 final} - {SWD(2018) 68 final}

GA GA

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair maidir le [Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair]

### A. An gá atá le beart

**Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?**

Is buntáiste mór é saorghluaiseacht oibrithe agus seirbhísí don Aontas. Mar sin féin, bíonn an méid sin ag brath ar rialacha soiléire cothroma a fheidhmiú go héifeachtach maidir le soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair agus comhordú na slándála sóisialta san Aontas. D'fhorbair an tAontas corpas cuimsitheach reachtaíochta lena rialáiltear saorghluaiseacht oibrithe, an chaoi a ndéantar oibrithe a phostú chun seirbhísí a sholáthar agus rialacha maidir le comhordú na slándála sóisialta. Thíolaic Coimisiún Juncker roinnt tograí chun an creat rialála sin a fheabhsú, lena n-áirítear athbhreithniú na Treorach maidir le hOibrithe a Phostú agus an Rialacháin maidir le Comhordú na gCóras Slándála Sóisialta, chomh maith le hathbhreithniú an *lex specialis* maidir le daoine a phostú san earnáil iompair idirnáisiúnta de bhóthar.

Mar sin féin, táthar fós imníoch faoi chomhlíonadh agus feidhmiú éifeachtach rialacha AE rud a chuireann cothroime an mhargaidh inmheánaigh, agus an mhuinín as, i mbaol. Is ann do dhá fhadhb ar leith: ar an gcéad dul síos, easpa faisnéise, tacaíochta agus comhairle do dhaoine aonair agus d'fhostóirí i gcásanna trasteorann; ar an dara dul síos, easpa comhair idir údaráis náisiúnta maidir le rialacha a fhorfheidhmiú.

Tá sé mar aidhm ag an togra seo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shonracha seo a leanas:

- Easpa tacaíochta agus treorach a bheith á tabhairt do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí i gcásanna trasteorann, agus gan ach faisnéis neamhiomlán nó theoranta a bheith ar fáil don phobal i dtaca lena gcearta agus lena n-oibleagáidí;
- I gcás údaráis náisiúnta atá freagrach as réimsí éagsúla i leith shoghluaisteacht an lucht saothair agus chomhordú na slándála sóisialta, easpa rochtana a bheith ag na húdaráis sin ar fhaisnéis agus gan an fhaisnéis sin a bheith á roinnt eatarthu minic go leor;
- Gan a ndóthain acmhainne a bheith ag údaráis náisiúnta le comhar a eagrú le húdaráis thar theorainneacha;
- Sásraí laga nó gan sásraí ar bith a bheith ann chun gníomhaíochtaí comhpháirteacha a fhorfheidhmiú ar bhonn trasteorann;
- Gan sásra idirghabhála trasteorann ar bith a bheith ar fáil idir na Ballstáit in aon réimse a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair agus le comhordú na slándála sóisialta;
- Gan a dhóthain comhair a bheith ar bun ag an Aontas sa réimse seo.

Tháinig méadú ar shoghluaisteacht an lucht saothair san Aontas i rith na géarchéime. Faoi 2017, bhí 17 milliún saoránach ina gcónaí nó ag obair i mBallstát nárbh ionann é agus Ballstát a náisiúntachta. B'ionann na figiúirí agus beagnach dhá oiread na bhfigiúirí a bhí i gceist deich mbliana ó shin. Tháinig méadú 68% ó 2010 ar líon na ndaoine ar postú, sin go 2.3 milliún duine in 2016. Déanann 1.4 milliún saoránach de chuid an Aontais turas chun na hoibre i mBallstát eile. Chun dul i ngleic leis sin, tá comhar éifeachtach idir údaráis náisiúnta agus beart riaracháin comhbheartaithe de dhíth chun déileáil leis an margadh saothair atá ag éirí níos mó agus níos mó ina mhargadh saothair Eorpach.

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?**

Is é cuspóir ginearálta an tionscnaimh cuidiú le cothroime an mhargaidh inmheánaigh, agus an mhuinín as, a neartú agus tacú le saorghluaiseacht oibrithe agus seirbhísí. Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an tionscnaimh:

- an rochtain atá ag daoine aonair agus ag fostóirí ar fhaisnéis faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí a fheabhsú sna réimsí a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair agus le comhordú na slándála sóisialta, chomh maith le rochtain ar sheirbhísí ábhartha a fheabhsú;
- comhar oibríochtúil a neartú idir údaráis ó thaobh fhorfheidhmiú trasteorann dhlí ábhartha an Aontais, agus cigireachtaí comhpháirteacha a éascú san áireamh;
- idirghabháil a dhéanamh agus réitigh a éascú i gcás díospóidí idir údaráis náisiúnta agus i gcás míshocrachtaí trasteorann i margadh an tsaothair, amhail cuideachtaí a athstruchtúrú rud a dhéanann difear do roinnt Ballstát.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

Cé go dtagann forfheidhmiú dhlí an Aontais faoi réim inniúlacht na n-údarás náisiúnta, is nithe trasteorann iad saorghluaiseacht oibrithe, postú oibrithe agus comhordú na slándála sóisialta agus is gá beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ina leith.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Breithníodh trí rogha beartais maidir leis an Údarás Eorpach Saothair agus léiríodh de réir leibhéal méadaithe uaillmhéine iad, (1) rogha thacaíochta, (2) rogha oibríochtúil, agus (3) rogha mhaoirseachta. Mar chuid de gach rogha cumhdaítear na cúraimí seo a leanas a d'fhéadfadh Údarás Eorpach Saothair a chur i gcrích:

- Seirbhísí soghluaisteachta an lucht saothair do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí;
- Comhar agus malartú faisnéise idir údaráis náisiúnta;
- Tacaíocht a thabhairt do chigireachtaí comhpháirteacha;
- Anailísí ar mhargadh an tsaothair agus measúnú riosca;
- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt acmhainní;
- Idirghabháil idir údaráis náisiúnta;
- Comhar idir páirtithe leasmhara a éascú i gcás míshocrachtaí trasteorann i margadh an tsaothair.

Ó thaobh ar baineadh amach, breithníodh na roghanna seo a leanas:

- bunaítear Líonra Eorpach chun comhlachtaí AE atá ann cheana i leith shoghluaisteacht an lucht saothair a chomhordú agus glacann an Coimisiún cúraimí oibríochtúla nua chuige féin; (1)
- bunaítear Údarás Eorpach Saothair nua chun cúraimí oibríochtúla a dhéanamh, rud a chuirfidh le comhlachtaí atá ann cheana i leith shoghluaisteacht an lucht saothair;(2)
- bunaítear Údarás Eorpach Saothair nua, rud a chuirfidh le Gníomhaireacht AE atá ann cheana i réimse na fostaíochta.(3)

Mar chuid den rogha thosaíochta, cuirtear le chéile an rogha beartais oibríochtúil (2) a bheidh le cur ar fáil trí Údarás Eorpach Saothair (2). Tugtar deis don Choimisiún tríd an gcur chuige seo ceannaireacht pholaitiúil a choinneáil, i dteannta na mBallstát, mar a dhéantar i láthair na huaire, agus mar sin tá sé de réir phrionsabal an neamhtarmligin.

Is í an rogha oibríochtúil an rogha is fearr ó thaobh cothromaíocht a bhaint amach i dtaca leis na cuspóirí a chomhlíonadh, rud a áirithíonn tionchair dhearfacha ar údaráis náisiúnta, ar oibrithe agus ar ghnólachtaí gan costais a mhéadú go mór agus tacaíonn páirtithe leasmhara go mór léi. Maidir leis an gcaoi a ndéanfar Údarás Eorpach Saothair nua a bhunú, rud a chuirfidh leis na comhlachtaí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais i réimse shoghluaisteacht an lucht saothair, tugtar le chéile éifeachtacht ó thaobh cur i gcrích cúraimí oibríochtúla agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí na gcomhlachtaí AE atá ann cheana nuair a bheifear á gcuíchóiriú go comhréireach agus de réir phrionsabal na coimhdeachta agus is amhlaidh a d'ardaigh páirtithe leasmhara ábhartha an dá shaincheist sin.

Tá gá le hionstraim reachtúil (Rialachán) chun gníomhaireacht nua a bhunú.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Ní hionann an leibhéal tacaíochta a thugtar i measc na bpáirtithe leasmhara ná ó thaobh na mbeart agus na roghanna de. Tugtar tacaíocht leathan d'fheabhas a chur ar mhalartú faisnéise agus ar mheasúnú riosca, ach, tá an-drogall ar údaráis náisiúnta agus ar eagraíochtaí fostóirí araon glacadh le cigireachtaí comhpháirteacha trasteorann, le cinntí ceangailteacha agus le sásraí réitithe díospóidí ceangailteacha. I dtaca leis an iompar idirnáisiúnta de bhóthar, tugann údaráis forfheidhmiúcháin náisiúnta níos mó tacaíochta do shásra ar leibhéal an Aontais a d'fhéadfadh forfheidhmiú trasteorann comhchuibhithe ar na rialacha a éascú. Tugann ceardchumainn tacaíocht do shásraí idir-réitigh AE. Bheadh ceardchumainn agus saoránaigh araon i bhfabhar réiteach díospóidí

a leathnú thar údaráis náisiúnta go díospóidí trasteorann aonair.

Cé is moite de roinnt eisceachtaí, tá an tacaíocht a thugtar d'Údarás nua a chur ar bun ag brath ar an raon feidhme agus ar na cuspóirí a thugtar dó agus ar na costais a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis. Tríd is tríd, tacaíonn páirtithe leasmhara le héifeachtúlacht líonraí agus struchtúr atá anois ann a chuíchóiriú agus a mhéadú.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Is iad na buntáistí a bhaineann léi le haghaidh daoine aonair, oibrithe taistil go háirithe, ná cosaint níos fearr agus laghdú ar an neamhchosaint ar an mbaol calaoise agus mí-úsáide, in earnáil an iompair de bhóthar go háirithe. Bíonn buntáistí eile ag baint le féidearthachtaí feabhsaithe chun a gcearta saorghluaiseachta a fheidhmiú.

Bainfidh gnólachtaí, FBManna go háirithe, buntáiste as breis iomaíochta córa, as cothrom na Féinne agus as laghdú a thiocfadh ar neamhchinnteacht faoina gcás, rud atá an-ábhartha i ndáil le hoibrithe a phostú. Tríd sin agus trí fhaisnéis níos fearr, d'fhéadfaí a gcinntí a éascú chun gabháil do ghníomhaíochtaí trasteorann.

Baineann údaráis náisiúnta buntáistí as a n-acmhainní comhair agus rialaithe treisithe chun feabhas a chur ar fhorfheidhmiú rialacha. Meastar go dtiocfaidh méadú le himeacht ama ar na buntáistí a bhaineann le comhar struchtúrtha de réir mar a chinnfidh breis údaráis náisiúnta an creat atá ar fáil a úsáid.

Tríd is tríd, is éard a bheadh mar thoradh ar an margadh inmheánach a fheidhmiú ar bhealach níos fearr agus níos cothroime ná buntáistí móra maicreacnamaíocha, rud a chuirfeadh le hiomaíocht chóir ar an iomlán agus leis an muinín atá ag na húdaráis riaracháin as a chéile a athbhunú.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Faoin rogha thosaíochta chomhpháirteach, meastar, le linn don Údarás a bheith faoi lán seoil in 2023, gur EUR 50.9 milliún in aghaidh na bliana costais iomlána an Údaráis Eorpaigh Saothair as buiséad an Aontais. Níl bheidh aon tionchair aici ar an gcomhshaol.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Ba cheart go ndéanfaí difear dearfach do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair. Ba cheart go mbainfidís tairbhe as éifeachtúlacht riaracháin níos fearr agus as feidhmiú níos fearr an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe trí chothrom na Féinne a chinntiú ar bhealach níos fearr. Ní chuirfear aon chostais ar ghnólachtaí a chomhlíonann na rialacha.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Beidh tionchar an-bheag ag an rogha sin ar bhuiséid náisiúnta i bhfianaise na tacaíochta a thugtar don togra i mbuiséad an Aontais. Ní féidir an tionchar a bheidh aici ar údaráis riaracháin a thomhas go beacht, ach, bunaithe ar chás-staidéir, meastar go mbeidh tionchar dearfach aici mar aithneofar ranníocaíochtaí sóisialta nár íocadh roimhe sin a bhuí le rialacha a bheidh á bhforfheidhmiú ar bhealach níos fearr.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Mar gheall ar an togra, déanfar cuíchóiriú ar chuid de na comhlachtaí atá ann cheana san Aontas i réimse na soghluaisteachta, amhail: (i) Oifig Eorpach Comhordúcháin EURES; (ii) an Bord Idir-réitigh ón gCoimisiún Riaracháin (CR) maidir le comhordú slándála sóisialta (iii) an Bord Iniúchóireachta agus (iv) Coimisiún Teicniúil CR; (v) an tArdán Eorpach chun dul i ngleic leis an obair neamhdhearbhaithe; (vi) an Coiste Saineolaithe maidir

le hoibrithe a phostú; agus (vii) an Coiste Teicniúil maidir le saorghluaiseacht oibrithe. Is faoin Údarás nua a bheadh na cúraimí a dhéanann na comhlachtaí sin faoi láthair. Is é sin, dhéanfadh an tÚdarás comhar a shaothrú leis na trí choiste atá fágtha sna réimsí a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair agus le comhordú na slándála sóisialta (an Coimisiún Riaracháin agus an Coiste Comhairleach) agus an Coiste Comhairleach maidir le saorghluaiseacht oibrithe. Ní thiocfadh athrú ar an gCoiste maidir le hIompar de Bhóthar ach oiread.

## D. Iarobair

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin 5 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin Airgeadais agus na dTreoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr.